

Polasaí Scoile i leith Gutháin Phóca

Cuireadh an polasaí seo le chéile i gcomhair leis an bhFoireann Teagaisc, mBord Bainistíochta agus le Coiste na dTuistí. Daingníodh an polasaí seo ag Cruinniú Boird Eanar 2009 (21/1/09) agus cuirfear i bhfeidhm é ón 1/2/09. Déanfar an polasaí seo a athbhreithniú go rialta i gcomhair leis na páirtithe thuas luaite, ach déanfar é a aithbhreithniú go hoifigiúil i bhFeabhra 2013 (nó níos luaithe más gá)

Rinneadh an polasaí seo a athbhreithniú i dTearma 1, 2017-18 agus rinneadh é a dhaigniú ag cruinniú boird dar dáta 28/11/17

- 1) Fón Póca: fón póca gur féidir leis glaochanna nó téacsanna a sheoladh ach nach bhfuil rochtán ar an idirlíon/ceamara air.
- 2) Fón Cliste: fón a bhfuil rochtán ar an idirlíon/ceamara air.
- 3) Tá cead ag daltaí fón phóca a bheith ina seilbh acu ar scoil má chloínn siad leis an bpolasaí reatha agus má bhíonn foirm cheadaithe an tuismitheora/chaomhnóra i seilbh na scoile.
- 4) Seo a leanas na coinníollacha ara gceadaítear fón phóca ar scoil:
 - Caithfidh an fón a bheith a bheith múchta sula dtagann an dalta isteach sa scoil agus caithfear é a choiméad múchta i gcaitheamh an lae ar scoil. I gcás imeachtaí taobh amuigh den scoil msh turas scoile/snámh/lá spóirt srl, bíonn an éifeacht chéanna leis an bpolasaí seo ar na hócáidí seo. Ní ceadmhach an guthán a chur ar siul arís go dtí go mbíonn an scoil fágtha ag an dalta.
 - Caithfidh na daltaí an fón a fhágáil ina m(h)ála scoile. Níl sé ceadaithe fón a thógáil go dtí an clós ná chuig na leithris srl
 - Más gá do thuismitheoir/caomhnóir teachtaireacht phráinneach a chur chun an dalta le linn an lae scoile, is gá dóibh é seo a dhéanamh tríd fón na hoifige nó fón póca na scoile.
 - Má bhriseann dalta na rialacha seo tríd an bhfón a bheith ar siul acu ar scoil nó fón a bheith ina seilbh gan an fhoirm cheadaithe a bheith ag an , tabharfar rábhadh don dalta agus meabhrófar dó/di maidir leis na rialacha. Cuirfear an tuismitheoir ar a n eolas. Má sháraíonn páiste na rialacha don dara uair, bainfear an fón go mbaileodh duine fásta é. .
- 5) Ní bheidh údarás na scoile admhálach nó freagrach as aon fón a thugann dalta chun na scoile.
- 6) Níl cead, i gcás ar bith, ag daltaí fón cheamara nó fón a bhfuil rochtán aige ar an idirlíon a bhreith chun na scoile. Toisc aois óg na bpáistí, tá cosc iomlán ar fhóin mar seo a bheith ina seilbh ar scoil. Tá sé seo ann chun cosaint a thabhairt do gach pháiste.

Baineann contúirt áirithe le fón phóca a bheith feiceálach i seilbh daltaí ag taisteal chuig/ón scoil. Iarrtar ort an chontúirt seo a phlé leis an dalta agus an comhairle cúí a chur air/uirthi.

Beidh an polasaí seo i bhfeidhm ón 7/1/18. Ní mór an fhoirm cheadaithe a bheith seolta ar ais chun na scoile roimh an dáta sin. Coinneofar seo i bhfillteán an dalta ó bhliain go bliain.

Beidh sé mar fhoirm a bheidh le síniú ag tuismitheoirí nua ag tús na bliana amach anseo.

Iarrtar ort an fhoirm iniata a chomhlíonadh agus a sheoladh ar ais chun na scoile láithreach.

Tabhair faoi deara sa chás nach dtagann foirm ar ais chun na scoile, glacfar leis nach bhfuil cead ag an dalta fón a bheith acu agus leanfar na céimeanna thuas luaite.

Polasaí Scoile i Leith Fón Phóca
Gaelscoil Bhaile Brigín.

Ainm an dalta: _____ **Rang:** _____

Léigh mé, tuigim agus glacaim leis na coinníollachá lena gceadaítear fón póca a thabhairt chun na scoile.

Tá na coinníollacha seo péite agam le mo pháiste agus cloífidh sé/sí leo.

I have read and I understand and accept the conditions under which my child may bring his/her mobile phone to school.

I have explained these conditions to my child and they will adhere to them.

Tugaim cead do mo pháiste fón póca a bhreith chun na scoile
I hereby give permission for my child to bring a mobile phone to school

Ní thugaim cead do mo pháiste fón póca a bhreith chun na scoile
I hereby refuse my child permission to bring a mobile phone to school

Siniú an Tuismitheora/

Parental Signature _____ **Dáta:** _____